An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0040/2018

DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA, PHRÍOMHOIDÍ AGUS D'FHOIREANN TEAGAISC NA mBUNSCOILEANNA

Tréimhse Scaoilte do Phríomh-Mhúinteoirí i mBunscoileanna

Réamhrá

Is é is cuspóir don chiorclán seo líon na laethanta a leagan amach a fhéadfaidh príomhoidí teagaisc a ghlacadh mar thréimhse scaoilte i mbliain scoile ag tosú sa scoilbhliain 2018/19.

Tagann an ciorclán seo in ionad Chiorclán 0012/2016 i ndáil leis an líon laethanta a fhéadfaidh príomhoidí teagaisc a ghlacadh mar am scaoilte i scoilbhliain. Mar sin féin, tá téarmaí Chiorclán 14/01 "Tréimhse Scaoilte do Phríomhoidí i mBunscoileanna" (seachas Mír 2.1) fós i bhfeidhm.

Am Scaoilte do Phríomhoidí Teagaisc i mBunscoileanna

Méid na Scoile *	**Líon laethanta mar thréimhse scaoilte**
Príomhoide + 5 / 6	29
Príomhoide + 3 / 4	23
Príomhoide + 0 / 1 / 2	17

* Faoi théarmaí an chiorcláin seo, tagraíonn méid na scoile do phríomhoidí teagaisc, do phoist ranga príomhshrutha, lena n-áirítear poist scoile atá ag forbairt agus poist achomhairc príomhshrutha agus eisiatar poist ex-cuóta e.g. Poist Múinteoireachta Oideachais Speisialta, Poist Aicme Speisialta, Poist Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, etc.

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T +353 90 648 3600 www.education.ie

Poist chun am scaoilte a éascú do Phríomhoidí (Poist Tréimhse Scaoilte Príomhoide)

Déanfar leathnú ar an scéim phíolótach atá ann cheana féin a sholáthraíonn poist chun a éascú do Phríomhoidí a gcuid ama scaoilte a ghlacadh (Poist Thréimhse Scaoilte Phríomhoide) don scoilbhliain 2018/19. Cuirfear suas le 50 post braisle um scaoileadh príomhoide i bhfeidhm don scoilbhliain 2018/19.

Is féidir le scoileanna a gcuid laethanta um scaoileadh príomhoide a chur le chéile i mbraislí ionas gur féidir post seasta lánaimseartha a chruthú chun laethanta scaoilte príomhoide gach scoile a chlúdach. Mar chuid den phróiseas braisle, ba chóir do scoileanna tráthchlár a aontú don mhúinteoir. Is cur chuige faoi stiúir na scoile é an scéim seo, a chuirfidh comhsheasmhacht ar fáil maidir le clúdach ionaid do laethanta scaoilte príomhoide i measc na scoileanna uile sa bhraisle.

Is poist téarma seasta iad Poist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide agus ba chóir iad a líonadh i gcomhréir leis na socruithe athfhostaíochta foilsithe.

Ní mór scoil amháin sa bhraisle a ainmniú mar scoil bhunúsach. Is í an scoil seo an scoil atá ag fostú an mhúinteora atá sa phost. Ní bheidh an post sa chuntas chun liúntas méadaithe a íoc leis an bPríomhoide nó chun post Príomhoide Riaracháin a chruthú nó chun Poist Freagrachta breise a chruthú.

Ní mór go mbeadh 175 lá ar a laghad ag gach braisle. Caithfidh Poist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide le teidlíocht chomhcheangailte de níos lú ná 183 lá sa bhraisle laethanta athsholáthair a úsáid chun a áirithiú go mbainfidh an múinteoir atá fostaithe sa phost braisle 183 lá oibre amach sa scoilbhliain.

Féadfaidh Poist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide le comhtheidlíocht de níos mó ná 183 lá sa bhraisle gnáthionadú a úsáid chun líon na laethanta os a chionn sin a chlúdach.

Éilítear ar Phríomhoidí Rannpháirteacha gach neamhláithreacht ama scaoilte a chlárú ar an gCóras Éileamh Ar Líne (CÉAL) do laethanta atá clúdaithe ag an múinteoir Tréimhse Scaoilte Phríomhoide. Éilítear ar phríomhoidí na scoileanna i ngach braisle patrún a neamhláithreachtaí ar am scaoilte a phleanáil, a chomhordú agus a dhoiciméadú ar bhonn foirmiúil.

Mar phost comhroinnte, féadfaidh múinteoirí i bPost Tréimhse Scaoilte Phríomhoide costais taistil a éileamh.

Tá an fhoirm iarratais do Phoist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide ceangailte ag Iarscríbhinn A.

Paraic Joyce, Príomhoifigeach
Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí
Meitheamh 2018

Ciorclán 0040/2018 - Iarscríbhinn A

Foirm T.S.P.Braisle2018

Post Tréimhse Scaoilte Príomhoide do 2018/19

Ainm Scoile na Scoile Bunúsaí don phost seo

Uimhir rolla	
Seoladh ríomhphoist	
Uimhir theileafóin	

Seoladh na Scoile

Cuir an fhoirm seo ar ais chuig:
Rannóg Leithdháilte na Múinteoirí Bunscoile, An Roinn Oideachais & Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37 X659

Fógra faoi phost téarma seasta nua a cruthaíodh trí bhraisle a dhéanamh ar laethanta Thréimhse Scaoilte Príomhoide

	Ainm na Scoile	Uimhir Rolla	Líon na Laethanta Scaoilte Príomhoide sa Bhraisle
An Scoil Bhunúsach			
An dara scoil			
3ú scoil			
4ú scoil			
5ú scoil			
6ú scoil			
7ú scoil			
8ú scoil			
9ú scoil			
10ú scoil			

Dearbhú & Síniú

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas ceart agus go bhfuil mé ag teacht leis na socruithe braisle atá beartaithe don phost seo mar atá léirithe thuas.

Uimh. rolla_____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide na scoile bunúsaí sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an dara scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an tríú scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an cheathrú scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an chúigiú scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an tséú scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an tseachtú scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an ochtú scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an naoú scoile sa bhraisle

Uimh. rolla _____ _____ Dáta _____ Uimh. theagmhála _____
Príomhoide an deichiú scoile sa bhraisle